Easpa Cócairí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin easpa cócairí i mbialanna na tíre. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. ganntanas _____
2. oilte _____
3. slí bheatha _____
4. Céim Bhaitsiléara _____
5. Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí _____
6. an-tógtha le _____
7. ar chúiseanna éagsúla _____
8. an earnáil _____
9. géarchéim _____
10. cúinsí oibre _____
11. dúshlán _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat iad a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cad a bhí le rá ag Cumann Bialann na hÉireann?
2. Cén tuairim atá ag Adrian Gregan faoin scéal?
3. Cad a bhí le rá ag Barra Ó Conchúir?
4. Cén fáth a moltar do chócairí imeacht thar lear chun obair a fháil?

Ceist 3 '…tá siad ag iarraidh ar an rialtas eagraíocht oiliúna **a bhunú**…'

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló trom?

B. Líon na bearnaí sna habairtí seo leis an bhfoirm cheart den bhriathar:

1. Ná déan dearmad na focail oiriúnacha a _____ (roghnaigh).
2. Is breá liom gloine mhór uisce a _____ (ól) ar maidin.
3. Tá Seán ag _____ (déan) an dinnéir faoi láthair.
4. Téann Síle amach ag _____ (siúil) gach tráthnóna ar a sé a chlog.
5. Bí cinnte an madra a _____ (cuir) amach sa ghairdín dhá uair sa lá.
6. Caithfimid an leabhar a _____ (léigh) roimh dheireadh na seachtaine.
7. Gabh isteach sa seomra le _____ (feic) an bhfuil Tom ann.

8. An féidir leat an fhuinneog a _____ (dún), le do thoil?
9. Ar mhiste leat an doras a _____ (oscail)?
10. Is fearr an obair a _____ (críochnaigh) go luath.

C. Féach ar an mír arís agus aimsigh na samplaí ar fad den ghné chéanna atá le cloisteáil inti.

Ceist 4 '…is é an dúshlán…'

Is Spáinneach é Pól.

1. Cuir Gaeilge ar na ceisteanna seo:

   Is Pól Spanish?
   Isn't Pól Spanish?
   Is Pól the Spanish guy?

2. Cad iad freagraí gonta (*yes/no*) na gceisteanna sin?

Ceist 5 Bhí an uimhir iolra de na hainmfhocail seo sa mhír. Cad iad? Féach siar ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agat.

cócaire
uair
gné
clár
mac léinn
institiúid
cúis
post
oíche
cúinse
céimí
scil
úinéir

Ceist 6 Cén post ab fhearr leat féin? Cuir uimhir 1 in aice leis an gceann sin, agus mar sin ar aghaidh go dtí go sroicheann tú an post nár mhaith leat ar chor ar bith. Cuir uimhir 10 in aice leis an gceann sin. Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat ansin. Bí in ann a rá cén fáth ar roghnaigh tú amhlaidh.

Meicneoir
Teachta Dála
Dochtúir
Múinteoir
Ealaíontóir
Innealtóir
Leabharlannaí
Cócaire
Dlíodóir
Fear/Bean an Phoist

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1. ganntanas	*shortage*
2. oilte	*skilled*
3. slí bheatha	*occupation*
4. Céim Bhaitsiléara	*Bachelor's Degree*
5. Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	*Cork Institute of Technology*
6. an-tógtha le	*very taken with*
7. ar chúiseanna éagsúla	*for different reasons*
8. an earnáil	*the sector*
9. géarchéim	*crisis*
10. cúinsí oibre	*working conditions*
11. dúshlán	*challenge*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
A. An t-ainm briathartha
B.
1. Ná déan dearmad na focail oiriúnacha a **roghnú.**
2. Is breá liom gloine mhór uisce a **ól** ar maidin.
3. Tá Seán ag **déanamh** an dinnéir faoi láthair.
4. Téann Síle amach ag **siúl** gach tráthnóna ar a sé a chlog.
5. Bí cinnte an madra a **chur** amach sa ghairdín dhá uair sa lá.
6. Caithfimid an leabhar a **léamh** roimh dheireadh na seachtaine.
7. Gabh isteach sa seomra le **feiceáil** an bhfuil Tom ann.
8. An féidir leat an fhuinneog a **dhúnadh**, le do thoil?
9. Ar mhiste leat an doras a **oscailt**?
10. Is fearr an obair a **chríochnú** go luath.

C.
Deir Cumann Bialann na hÉireann go bhfuil an ganntanas cócairí oilte sa tír seo, **ag cur** ardchaighdeán cócaireachta i mbaol san earnáil sin. Táthar **ag iarraidh** ar an rialtas eagraíocht oiliúna **a bhunú** chun oiliúint **a chur** ar a thuilleadh cócairí ach deir scoil cócairí i gCorcaigh nach aon réiteach ar an bhfadhb é eagraíocht nua **a bhunú**.

Bíonn uaireanta fada oibre, brú agus strus **ag baint** le gach aon slí bheatha ó am go chéile ach baineann na gnéithe seo ar fad le saol an chócaire gach aon lá. Deir Cumann Bialann na hÉireann nach bhfuil go leor cócairí **á n-oiliúint** sa tír seo agus go gcaithfear cláracha nua traenála **a bhunú**. Tá na mic léinn seo **ag obair** chun Céim Bhaitsiléara in Ealaín na Cócaireachta agus Gnó **a bhaint amach**, ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Cuireann na hInstitiúidí Teicneolaíochta os cionn dhá mhíle cócaire oilte ar **fáil** san iomlán gach aon bhliain. Deir Adrian Gregan, ceannasaí na Rannóige Turasóireachta agus Fáilte, go mbíonn an patrún céanna **le feiscint** go minic i measc na gcócairí. Bíonn siad an-tógtha leis an obair bhialainne, is cuma cé chomh deacair is a bhíonn sé don chéad sé nó seacht mbliana. Ina dhiaidh sin, ar chúiseanna éagsúla, fágann siad an earnáil sin chun **dul ag obair** i bpostanna go mbíonn uaireanta oibre níos giorra acu, níos lú oícheanta **le déanamh**. Deir sé nach gcabhróidh aon eagraíocht nua stáit chun an patrún sin **a athrú**.

Níl aon ghéarchéim ann maidir le soláthar daoine oilte, daoine proifisiúnta, daoine a bhfuil cumas iontu. An ghéarchéim atá ann ná conas iad **a choimeád** sa tionscal. *So*, caithfear cúinsí oibre rud beag níos tarraingtí **a dhéanamh**.

Tá céimithe cócaireachta ó Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí **ag obair** i dtríocha tír éagsúil ar fud an domhain, de réir suirbhé a rinne an coláiste le déanaí. Moltar i gcónaí do chócairí **dul** thar lear chun a gcuid scileanna **a fhorbairt**, agus a gcuid eolais ar bhia **a leathnú**. Ach, is é an dúshlán atá ann d'úinéirí bialann ná conas is fearr iad **a mhealladh** abhaile.

Ceist 4
An Spáinneach é Pól?
Is ea / Ní hea

Nach Spáinneach é Pól?
Is ea / Ní hea

An é Pól an Spáinneach?
Is é / Ní hé

Ceist 5
cócaire – cócairí
uair – uaireanta
gné – gnéithe
clár – cláir (*cláracha* atá i gcanúint Chonnacht)
mac léinn – mic léinn
institiúid – institiúidí
cúis – cúiseanna
post – poist (*postanna* atá i gcanúint Chonnacht)
oíche – oícheanta
cúinse – cúinsí
céimí – céimithe
scil – scileanna
úinéir – úinéirí

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha
Deir Cumann Bialann[1] na hÉireann go bhfuil an ganntanas cócairí oilte sa tír seo, ag cur ardchaighdeán cócaireachta i mbaol san earnáil sin. Táthar ag iarraidh ar an rialtas eagraíocht oiliúna a bhunú chun oiliúint a chur ar a thuilleadh cócairí ach deir scoil cócairí i gCorcaigh nach aon réiteach ar an bhfadhb é eagraíocht nua a bhunú.

Grett O'Connor
Bíonn uaireanta fada[2] oibre, brú agus strus ag baint le gach aon slí bheatha ó am go chéile ach baineann na gnéithe seo ar fad le saol an chócaire gach aon lá. Deir Cumann Bialann na hÉireann nach bhfuil go leor cócairí á n-oiliúint sa tír seo agus go gcaithfear cláracha[3] nua traenála a bhunú. Tá na mic léinn seo ag obair chun Céim Bhaitsiléara in Ealaín na Cócaireachta agus Gnó a bhaint amach, ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Cuireann na hInstitiúidí Teicneolaíochta os cionn dhá mhíle cócaire oilte ar fáil san iomlán gach aon bhliain. Deir Adrian Gregan, ceannasaí na Rannóige Turasóireachta agus Fáilte[4], go mbíonn an patrún céanna le feiscint[5] go minic i measc na gcócairí. Bíonn siad an-tógtha leis an obair bhialainne, is cuma cé chomh deacair is a bhíonn sé don chéad sé nó seacht mbliana. Ina dhiaidh sin, ar chúiseanna éagsúla, fágann siad an earnáil sin chun dul ag obair i bpostanna[6] go mbíonn uaireanta oibre níos giorra acu, níos lú oícheanta le déanamh. Deir sé nach gcabhróidh aon eagraíocht nua stáit chun an patrún sin a athrú.

Barra Ó Conchúir
Níl aon ghéarchéim ann maidir le soláthar daoine oilte, daoine proifisiúnta, daoine a bhfuil cumas iontu. An ghéarchéim atá ann ná conas iad a choimeád sa tionscal. *So*, caithfear cúinsí oibre rud beag níos tarraingtí a dhéanamh.

Grett O'Connor
Tá céimithe cócaireachta ó Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí ag obair i dtríocha tír éagsúil[7] ar fud an domhain, de réir suirbhé a rinne an coláiste le déanaí. Moltar i gcónaí do chócairí dul thar lear chun a gcuid scileanna a fhorbairt, agus a gcuid eolais ar bhia a leathnú. Ach, is é an dúshlán atá ann d'úinéirí bialann[8] ná conas is fearr iad a mhealladh abhaile.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *Bialanna* a deirtear
[2] *fhada* a deirtear
[3] *cláir* an leagan caighdeánach
[4] *fáilteachas* an téarma oifigiúil ar 'hospitality'
[5] *feiceáil* an leagan caighdeánach
[6] *poist* an leagan caighdeánach
[7] *tíortha éagsúla* a deirtear
[8] *úinéirí bialanna* a deirtear